# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 30 Lúnasa 22ú Táille 10p


# Dara Gaelscoil san Ardscoil?



● Gaelscoil as na luaithrigh – an Ardscoil i ndiaidh na Tine i 1985

CREIDTEAR anois go mbeidh an dara Gaelscoil atá de dhíth go práinneach ag Ghaeilgeoirí Bhéal Feirste lonnaithe san Ardscoil nua atá le tógáil i Sráid Dubhaoise, príomháras Chonadh na Gaeilge sa chathair, mar dódh an tsean Ardscoil a bhí in úsáid mar oifigí ag an nuachtán laethiúil *LÁ* i mí Aibreán 1985.

Go dtí seo bhíothas in amhras fá stádas na hArdscoile i súile Roinn na Timpeallachta ach anois tá cead tugtha acu don atógail. Iocfaidh Comhalacht Arachas Choiste Ceantair Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge suim áirithe airgid leis an choiste nuair atá tús curtha leis on obair. Ansin íocfaidh siad rátaí áirithe in aghaidh na míosa.

Táthar ag cuartú suimh do ghaelscoil nua i mBéal Feirste le sé mhí anaus de bhrí go mbeidh Scoil Phobal Bhéal Feriste iomlán fá Mheán Fomhair 1987.

### SOCRÚ

Bhí socraithe ag Naíonra na bhFál agus ag Fo-Choiste na Naíonraithe Gaeilge buaileadh le hEaspag Dúin agus Chonaire agus leis an Roinn Timpilleachta lena gcuidiú a iarraidh don iarracht atá sa tsiúl leis na dara Gaeilscoil a bhunú. Is cinnte go gcuirfidh na naíonraithe Gaeilge in Ard Eoin, sa Trá Ghearr, i mBun na bhFál fáilte roimh an scéala seo fan Ardscoil mar bheadh Bunscoil Ghaelach i Sráid Dubhaoise foirstineach dóibh uile. Tá Gaeilgeoirí i mBaile Uí Mhurchú ag déanamh a ndíchill naíonra a bhunú ina gceantar féin faoi lathair agus beadh páistí ón cheantar sin ag freastal ar an dara Gaelscoil chomh maith.

Baineadh dhá bhothán ón Scoil Ghaelach as a chéile i mí Meithimh agus bogadh go dtí an Muileann i Sráid Mhic Chon Midhe iad. Tá cead pleanála á lorg chun ceann dena botháin seo a thógáil in aice le Leabharlann na bhFál ar thalamh de chuid na heaglaise.

Nuair a bhéas tús curtha le hathógáil na hArdscoile lánsáilfear feachtas a bhailiú airgid don obair. Fosta iarrfarar ar Chomhaltas Uladh iasacht a thabhairt don choiste ceantair. Tá beartatihe chomh maith leabhrán ar stair na hArdscoile a fhoilsiú.

## Eagarfhocal

# Scoil de dhíth

**AG OSCAILT ofigiúil Scoil Samhraidh Phádraig Mhic Goill Dé Domhnaigh 17ú lá Lúnasa dúirt Stiúrthóir Cláir RTÉ agus ceannasaí na scoile Joe Mulholland gur fear conspóideach a bhí i bPádraig Mac Goill. Dúirt Mulholland chomh maith go raibh súil aige go ndéanfaí an 'Comhaontú Angla-Eireannach' a phlé *"go suaimhneach"* ag an scoil a bhfuil *Todhchaí Thuaisceart Eireann* mar theideal aici i mbliana.**

Is ionann suaimheas i bhfoclóir Mulholland agus cosc a bheith ar ionadaithe Shinn Féin agus ar náisiúntóirí radaiceacha páirt aghlacadh san imeacht sna Gleanntaí, Tír Chonaill. Tá fáilte is fiche chuig an scoil samhraidh curtha roimh ionadaithe ón DUP agus ó rialtas na Breataine ach tá úrlabhraithe Shinn Féin curtha ó dhoras ag lucht stiúrtha na scoile. Is maith mar sin go bhfuil poblachtóirí i gContae Dhún na nGall ar cur picéid ar an scoil samhraidh agus ag tabhairt le fios don phobal nach nglacfaidh Sinn Féin leis an chinsireacht ar a ndearcadh.

Ach ní leor do phoblachtóirí a bheith ag cur isteach ar shuaimhneas na scoileanna measúla, tá gá le himeachtaí ina ditg le náisiúntóirí cúrsaí a phlé *"go suaimhneach"*. Arbh fhéidir scoil phoblachtach a éagrú don samhradh seo chugainn le téama ar nós saoirse féinrialaithe do mhuintir na hÉireann. Leithéid Slógadh Shinn Féin a bheadh ann ach bunús na léachtaí a bheith i mBéarla a bheadh i gceist.

B'fhéidir fiú go mbeadh stiúrthóirí Scoil an Phiarsaigh, an scoil bhliantúil i Rath Fearnáin in onóir an Phiarsaigh, toilteneach polaitíocht na haimsire seo a bheith mar théama dá scoil i 1987!

Ar scor ar bith bheirimis dúshlán na ndaoine sin, dála Mulholland, atá ag iarraidh dearcadh dlisteanach Shinn Féin a choisc.

# Sráidainmneacha nua

**CUIREADH sé sráidainm Gaeilge in airde in Ard Macha dhá seachtain ó shin.**

Ordaíodh ocht gcinndéag eile agus cuirfear suas iad chomh gasta agus is féidir. Tá a lán tacaíochta i measc an phobail don fheactas mar ba léir ón méid aigrid a bailíodh sna ceantair chun na comharthaí a cheannacht.

Ag deireadh na seactaine seo bhain an RUC ceann dena comharthaí anuas. Tharla an gníomh faoi choim na hoíche. Bhí freag mhór ar mhuintir an cheantair fan eachtra seo. Tá súil anois nach mbainfear feidhm as Acht Sláinte Poibli agus Rialtas Áitiúil chun na comharthaí eile a bhaint anuas.

Is é Sinn Féin agus Gaeilgeoirí in Ard Mhacha atá i mbun na hoibre seo agus tá rún acu comharthaí Gaeilge a chur in airde in achan cheantar náisiúnach sa chathair.

# MÁLA POIST

A Chara,

Tá Ógra Sinn Féin ag reachtáil deireadh seachtaine cultúrtha do dhaoine óga (16-25) ar an 26ú, 27ú agus 28ú Meán Fomhair i dTeach Choilm Cille, Contae Tír Chonaill.

I measc na gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl beidh trí léacht ar ghnéithe den gcultúr agus teanga, díospóireacht ar thábhacht an chultúir in Éire shaor, oíche cheoil agus cúrsaí spóirt. Ní gá Gaeilge a bheith ag éinne a bhfuil súil acu teacht ach ní mór meas a bheith ar mhuintir an cheantair Ghaeltachta seo.

£7.50 is ea an costas don deireadh seachtaine (gan taisteal san áireamh). Tuilleadh eolas agus clarú leo seo.

Alan Ó Cuirrín,<br>
Ógra Sinn Féin,<br>
44 Cearnóg Pharnell,<br>
Baile Átha Cliath 1.

Séamus Ó Baoighil,<br>
Teach Uí Chonghaile,<br>
147 Bóthar na bhFál,<br>
Baile Andarsan,<br>
Béal Feriste.

# Todhchaí Chluain Ard

**BEIDH cruinniú práinneach c bhaill chláraithe Chumann Chluai Ard ann Dé Domhnaigh, 24ú Meán Fomhair in áras an chumair le todhchaí na háite a phlé.**

Tá baol ann go fóill go ndruidfe an cumann de thairibhe fiacha móra bheith ar an chlub lán-ghaelach.

Táthar ag súil go dtóghfar coiste ag chruinniú le cuidiú le teagasc na rangann le reachtáil an bheairr agus le himeacht soisialta a reactáil.

Beidh cruinniú de chaomhnóirí chumainn ann an oíche roimh an chruinn dena baill chláraithe.

# Suirbhé scolaíochta

**TÁ COISTE Ghlór na nGael in Iarthar Bhéal Feriste i mbun suirbhé faoi láthair i gceantar Cluain Ard le fáil amach cad é an t-éileamh atá ar an scolaíocht Ghaelach.**

Thosaigh an suirbhé, Dé Luain, 18ú lá Lúnasa agus bhain na ceisteanna uilig le dearcadh an phobail ar an oideachas trí mheán na Gaeilge.

De réir rúnaí Ghlór na nGael, Pádraig Ó Donnchú déanfar torthaí an tsuirbhé a mheas sula gcuirtear os comhair na n-údarás cuí iad.

Ar seisean:

*"Beidh cruinnithe againn gan mhoill leis an Belfast Education and Library Board agus leis an fheidhmniúchán tithíochta leis an éileamh atá ann don oideachas gaelach a phlé."*



*Pádraig Ó Maolchraoibhe ag bronnadh an chéad duais Eddie Duffy tar éis rás urraíocht Roinn an Chultúr ar 9ú Lúnasa*

# Láinseál leabhar

**SEOLFAIDH an poblachtóir clúiteach, Proinnsios Mac Airt, leabhrán nua Shinn Féin, *The role of the language in Ireland's cultural revival* i gCumann Rodaí Mhic Chorlaí, Dé hAoine, 5ú Meán Fomhair.**



PROINNSIOS MAC AIRT

Labharfaidh Proinnsios ar staid agus atógáil Ghluaiseacht na Poblachta ag deireadh na seascaidí agus sna luathseachtóidí.

Is i nGaeilge a bheas an chaint agus beidh fáilte roimh chách.

Tá cóipeanna den leabhrán, luach 75p, ar díol go forleathan ach is féidir cóipeanna a ordú ó Roinn an Chultuir, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11, ar phuint (postas san áireamh).

# Cumann R
# Mhic Cho



Déardac

Oíche Ch<br>
ar son Belfast

Dé hA

Oíche cheo<br>
Roinn an

# Clár an tSlógadh

TÁ AN CLÁR iomlán de Shlogadh Shinn Féin i Rath Cairn, Co. na Mí ar 19ú, 20ú agus 21ú lá Meán Fomhair socraithe anois agus táthar ag dúil le 150 duine a bheith i láthair.

Le linn na deireadh seachtaine beidh taispeántas darb ainm *Dúchas* le feiceáil agus beidh seastán leabhar ann. Taispeántas griangrafanna le téama cultúrtha, a cuireadh le chéile ag Camerawork, Doire atá i *nDúchas.*

Beidh imeachtaí an tSlógaidh á fhíscannánú le go mbeidh taifead ceart dena léachtaí ar fáil.

Is é clár na deireadh seachtaine:

Dé hAoine 19 Meán Fomhair
7.30pm Clárú
8.30pm Fáiltiú
9.00pm Léacht. *Gluaiseacht na Poblachta 1966-1986* le Rúairí Ó Bradaigh (iar-uachtarán Shinn Féin). Cathaoirleach- Maire Nig Fhinn (Urlabhrai Culturtha Shinn Féin sna sé contae fichead). Rún buíochas – Gearóid Ó Maoilmhichíl. Cuidiú – Seán Ó Canainn.
10.00pm Oíche cheoil agus comórtas bailéidí. Bean an tí – Blathnaid Uí Bhradaigh.

Dé Sathairn 20 Méan Fomhair
10.30am Oscailt oifigiúil. Gearóid Mac Adhaimh (Feisire Iarthar Bhéal Feirste agus uachtarán Shinn Féin).
11.00am Díospoireacht: *An Ghaeilge sa ghluaiseacht mar a bhí, mar atá agus mar ba chóir bheith.* Cathaoirleach: Máirtín Ó Muilleoir. Painéal: Seán Ó Bradaigh, Gearóid Ó hEara agus Piaras Ó Dúill.
12.00am Sos chaife.
12.30 Léacht *An Comhaontú – bac ar shaoirse.* Pádraig Ó Maolchraoibhe (comhairleoir i Lios na gCearrbhach). Cathaoirleach: Séamus Mac Dáibhéid (Cathaoirleach Choiste na Gaeilge ar Chomairle an Iuir). Rún buíochais: Aine Mhic Giolla Easpaig. Cuidiú: Míchéal Mac Con Mara (íar-eagarthoír Gaeilge *an Phoblacht.*
1.15pm Plé agus ceisteanna
1.45pm Sos lóin
2.45pm Turas stairiúil
6.00pm Tae
7.30pm Léacht: *Éire na linne seo – saoirse intinne* le Nollaig Ó Gadhra. Cathaoirleach: Caoimhghin Ó Caolain. (Comhairleoir i gContae Mhuineacháin). Rún Buíochas: Bríd Heusaff. Cuidiú: Deasún Breatnach.
8.15pm Plé agus ceisteanna
8.45pm Caint: *An Ghaeilge sa Jailteacht* le Coireall Mac Curtáin (iar chime i bpriosúin na Ceise Fada agus Phort Laoise).
9.15pm Bronnadh Gradam na Poblachta
9.30pm Céilí mór

Dé Domhnaigh 21 Meán Fomhair
Ar maidin: Séirbhísí eaglasta ar fáil.

**£30 an táille atá ar an Slógadh agus má chuirtear £10 earlaise ann anois cuirfear lóistín in airid duit. Tuilleadh eolais Máirtín Ó Muilleoir, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11. Fón: 619719.**





Slógadh Shinn Féin

Meán Fómhair 19/21

Rath Cairn Contae na Mí

Díospóireachtaí

Léachtaí

Bronnadh Gradam na Poblachta

Comórtas Bailéidí

Páirteach

Fíor-chaoin Fáilte roimh gach Gaelgeoir

Taille: £30 (lóistín agus béilí san áireamh)

Tuilleadh eolais: Mairtín Ó Muilleoir, Roinn an Chultúir, Sinn Féin, 147 Bothar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11. Fon: 619719.


# Ag foghlaim na Gaeilge

**An raibh tú sa Ghaeltacht riamh? Cad é a rinne tú ansin?**
Bhí mé/Ní raibh mé.
Bhí mé ar chúrsa trí seachtaine go leith i gColáiste Cholm Cille i nGaoth Dobhair.
Stop mé i dteach, ar an Bhun Bheag
i nDoirí Beaga,
i nDún Luiche
i mBun na Leaca
Gach lá, bhí orainn freastal ar an choláiste. Ba ghnách liom éirí ar a naoi a chlog agus bhíodh bricfeasta maith agam.
Théinn ar scoil leis na daoine eile.
Bhíodh rang Gaeilge againn go dtí am dinnéir.
Sa tráthnóna, bhíodh seal againn cois cladaigh, nó ag damhsa is ag ceol i halla na scoile, má bhí an aimsir go holc lá ar bith.
Sna h-oícheanta, théinn féin agus roinnt cairde chuig na céilithe.
Thaitin an Ghaeltacht go mór liomsa. Rachainn ar ais ansin am ar bith.
**Ar raibh tú thar sáile riamh?**
Bhí mé/Ní raibh mé.
Bhí mé i Meiriceá dhá bhliain ó shin.
Ach bhí uaigneas orm agus nuair a phill mé go hÉireann bhí athas ar mo chroí.
Chonaic mé a lán áiteanna nuair a bhí mé thall, agus is maith liom tíortha eile a fheiceáil.
**Ar mhaith leat' dhul ar an choigríoch?**
Níor mhiste liom, a dhuine uasail!
Ba mhaith liom' dhul go Páras le Túr Eiffel a fheiceáil.
Chonaic mé minic go leor é ar an teilifís agus creidim go bhfuil sé iontach meirgeach.
**Cá rachaidh tú i mbliana?**
Níl a fhios agam go fóill, ach sílim go rachaidh mé le mo chlann go Tír Chonaill.
Ní maith liom laethanta saoire le mo chairde.
Tá Tír Chonaill go deas.
Tá áilleacht na tíre le feiceáil ansin, – sléibhte, cnoic, aibhneacha, agus coillte.
Ach tá na praghsanna iontach ard.

rd

h de
hluain
24ú lá
mainn

uidfear
móra a

e ag an
nganna,
eachtaí

óirí an
ruinniú




duais ar
ar 9ú

Rodaí
norlaí
rdaoin
Cheoil
ast Exposed
hAoine
cheoil ar son
an Chultúir

# An bothar lár

LE DEASŪN BREATNACH




**CÉARD** is féidir a dhéanamh chun go mbeidh an spiorad i bhfeidm i measc óige na sé chontae fichead? Sé sin an spiorad a thrácht mé ar an seachtain seo chaite, an spiorad a chur Conradh na Gaeilge tríd síos na tíre, mar a thrácht Donall Ó Corcora air i *What's this about the Gaelic League?* Ar a laghad ar bith d'fhéadfadh Poblachtóirí lámh cúnta a thabhairt do Chonradh.

Ach an Conradh sna blianta údaí:

*"A measure of its activity may be found in the fact that it touched and helped other spheres of activity, spheres which were at only outside its own, but, in as much as they did not share its spriit, were against it. Anglo-Irish literature in general, the Abbey Theatre in particular, may be examined as an example. That examination must open even a blind man's eye to the change in national feeling that has come upon us with the weakening down of the League."*

### CONTRÁTHACHT

Ar ndóigh, bhí contráthacht ann ón dtús: Bhí dhá theanga ag coimhlint in éadan a chéile, ceann amháin faoi chois, ceann eile oifigiúil, institiúidí an airgid, na hEaglaise, an dlí agus eile ag tacú léi.

Ach bhí daoine ann an uair sin, mar atá fós, ag ceapadh go bhféadfaí an "bóthar lár" a thógáil, agus go bhféadfaí litríocht, amharclann, filíocht "Éireannach" a chruthú taobh istigh de bhallaí an Bheárla.

Tá an dearcadh sin ann i gcónaí. Is dócha gur láidre an tuairim sin anois ná riamh i mBaile Átha Cliath.


### GLÚNTA

Is deacair an bhuntuairim a phléascadh, gur féidir a bheith id Éireannach maith gan Gaeilge a fhoghlaim, a labhairt agus a chothú, mar is fíor go poinnte áirithe é agus is deacair a chruthú gur lú an tÉireannachas, mar thoradh air, de réir a chéile, ó ghlúin go glúin, gan staidéar a dhéanamh ar an stair agus ar aigne daoine i gcoitinn, agus cúrsaí a ghrinneadh sna háiteanna le bhfuair teangacha bás.

Ní in aon bhladhm amháin a fhaigheann an dúchas bás. Go mall a imíonn sé, mar a imíonn solas na gréine ag deireadh an lae. Ach níl aon aiséirí i ndán dó feasta, mar atá ag an ngréin!

CUMANN NA MEIRLEACH
Bóthar Bhaile Andarsan
OÍCHE CHEOIL
GACH AOINE
Fáilte romhaibh uilig

# Crosfhocal 23



Trasna
4. Fear feasach san ollscoil (6)
7. Bochtanas (8)
8. Airgead iontrála ag an doras (6)
9. Clúdaíonn siad na héin (6)
10. Dheighil mé (8)
14. Gineadach uatha 'anam' (5)
17. Ionad (3)
18. Thart, (le seimhiú) (9)
20. Bhí sé ann... níl sé an anois (3)
22. Is diamant é (5)
24. Sabháilteacht (7)
28. Ag saothrú, ag... (6)
29. Saghas sceach a fhásann ar cnoic (6)
30. Miotal tarraingeach (8)
31. Seomra beag ag bun an tí (7)

Síos
1. Tá siad ar do bhéal, beola (6)
2. Scian mór, iompraítear é i dtuaill (7)
3. San oirthear (5)
4. Loistíní (5)
5. Smusach (5)
6. Taimscintí (6)
11. Deas (4)
12. Bris as carcair (4)
13. Airse, rud a bhfuil casadh ann (4)
14. Teach, foirgneamh (4)
15. Baile... Cliath (4)
16. Treorú, aire (4)
19. Urscéal rud éigean a leiféa (7)
21. Sruthan ar sliabh (gineachach) (6)
23. Reamh-fhocal 'do' maidir le sinne (6)
25. Conaíonn na héin iontu (5)
26. Duine gan comhludar (5)
27. Milleán (5)

**Freagraí Crosfhocal 22:**
**Trasna:** 1. Fraoch; 4. Corróg; 7. Ioladite; 8. Coir; 9. Trasna; 13. Pósadh; 16. Earc; 17. Olaithe; 19. Astu; 22. Béilín; 25. Aontas; 27. Imir; 28. Aontacht; 29. Eanach; 30. Pianta.
Síos: 1. Fáilte; 2. Aileár; 3. Crann; 4. Cneap; 5. Ríoga; 6. Garbh; 10. Ráite; 11. Scoil; 12. Atá; 14. Scean; 15. Dosta; 18. Trá; 20. Stúcan; 21. Usctha; 22. Baile; 23. Iníon; 24. Neamh; 26. Ostaí.

Seoltar litreacha srl chuig *Nuacht Feirste*, 147 Bóthar Andarsan, Béal Feirste 11